

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadadh</b>	T1
<b>Ainm an Agallaí</b>	Proinsias Ó Maolagáin
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	09/05/2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	An Bhealtaine
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis

**(gáire)****(sos)**

(--) Tús bréige

' \_\_\_\_\_ ' Focal dothuigthe

' \_\_\_\_\_ +' Níos mó ná focal amhán dothuigthe

.... Beirt ag caint ag an am amhán

[] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir

**DÓNALL:** Frank, a chailleach, ba mhaith liom tú, bhí scéal maith agat an lá deireanach, nó corr scéal maith, ba mhaith liom tú tosach in d'óige agus do chuimhní ag éirí aníos, a Frank agus mar a bhí rudaí ag éirí aníos ar an Bhealtaine anseo. So, creidim go dtosóidh muid le do chuimhní a Frank.

**FRANK:** Bhuel, rud a bhí i m'óige anseo, bhí, caide a bhéarfaidh tú air, bhí, craic amach againn nuair a bhí muid beag anseo agus, nuair a bhí muid ag gabháil suas go scoil Chaiseal na gCorr. Bhí scaifte againn anseo, b'ghnách linn a ghabháil suas ansin ná siúladh muid suas achan lá agus fód móna linn (gáire) agus.

**DÓNALL:** Agus muna mbeadh sé leat .....

**FRANK:** Agus muna mbeadh fód na móna leat, bhí tú gabháil a fháil, gabháil a fháil a bheilt ó Danny, Danny John Eoin, mar a deir siad le Danny Sweeney, sin an máistir scoile a bhí againn san am agus, bhí, bhí, bhí am ar dóigh againn agus bhí achan duine breá happailte. Cha raibh televisions na dhath ag gabháil, cha raibh dhath ag gabháil ach radio.

**DÓNALL:** Bhí an saol soineanta, a Frank.

**FRANK:** Bhí an saol soineanta, bhí, bhí. Agus, bhí moll mór de na tithe anseo, nuair a bhí mise ag éirí aníos, cha raibh, cha raibh electric ná dhath iontu. Tháinig electric isteach ansin, 's, d'athraigh an saol. Chuir sin, chuir sin, túis maith le achan rud. Aye.

**DÓNALL:** Tá sin fíor, d'athraigh sé an saol go hiomlán.

**FRANK:** Hmm, hmm, d'athraigh sé an saol go hiomlán, aye.

**DÓNALL:** Bhuel, éist seo liom a Frank is muid ag caint ar an scoil, an raibh sé sa dóigh ag an am sin festa, go bhfanfadh achan duine go mbeifeá ceithre bliana déag 's ina dhiaidh sin bhí tú shiúl i mbéal do chinn na Lagáin 's achan áit eile. Bé sin mar a bhí sé, a Frank?

**FRANK:** Bhuel, char fhan mise ar an scoil go raibh, go raibh mé trí.., d'fhág mise an scoil nuair a bhí mé trí bliana déag go leith agus, caide a bhéarfaidh tú air... Bhí m'athair, bhí sé thall in Albain agus bhí mo mháthair agus an dá mháthair mhór, bhí siad anseo. Agus thit mé féin 's an máistir amach agus san am nuair a bhí mé, nuair a bhí mise trí bliana déag nó ceithre bliana déag, cha raibh sé doiligh titim amach liom. (gáire)

So, caide mar a bhéarfaidh mé air, thit mé féin 's máistir amach 's d'fhág mise an scoil, cha rachainn na scoile dá.. bhí an tsean bhoc ar shiúl 's cha rachainn na scoile dá mo mháthair agus, agus that was it.

**DÓNALL:** Caide ba chúis, a Frank, muna ba mhiste leat, an é bhuail sé thú ná...?

**FRANK:** Bhuel, bhuail se mé agus d'iarr sé orm, faisean a bhí aige, d'iarrfadhbh sé ort a bheith ar shiúl amach agus ná tar ar ais anseo níos mó. Agus rachadh achan duine amach go dtí an porch agus sin an fhad a rachas siad, but chuaigh mise giota maith níos faide ná an porch, choinnigh mise ag gabhláil!

**DÓNALL:** Agus an raibh sé do bhualadh sa chontrálite?

**FRANK:** Ara bhuel, bhualfeadh sé thú, creidim gur bharra liom féin a bhí sé but nuair a bhí tú an aois sin, bhí tú ag déanamh gur eisean a bhí contráilte agus go raibh tusa ceart ach creidim go raibh an ceart ag an fhear muid a bhualadh. Ach ní go bé, cibé gur bualadh a fuair muid, caide mar a bhéarfaidh tú air, cha bheas muid mar atá muid inniu. But, sin an rud atá ciotach, chan bualadh go leor atá siad a fháil inniu, déarfainn.

**DÓNALL:** Cha dtig leat a dhul a gcorranois.

**FRANK:** Cha dtig leat a dhul a gcorranois, cha dtig leat labhairt le daoine ar chorr ar bithanois.

**DÓNALL:** Ach, a Frank, chuaigh tusa in éadan na scoile go mór ansin agus ní raibh tú ag dul ar ais ar óir na cruinne agus ar chur tú i do cheann ansin imeacht an Lagáin?

**FRANK:** D'imir mé an Lagáin ansin, aye nuair a bhí mé, bhí mé, caide a mbeireann tú air, ceithre bliana déag go leith. Chuaigh mé an Lagáin, ansin, bhí mé thuas i dTír Eoghain.

**DÓNALL:** 'S an deachaigh tú ar tús amach go Leitir Ceanainn, a Frank. Amach ag an 'Raibeal'?

**FRANK:** Amach go Leitir Ceanainn. Amach go Leitir Ceanainn, ansin, amach ag an 'Raibeal' agus chuaigh mé suas go Tír Eoghain.

**DÓNALL:** An raibh 'n duine leat?

**FRANK:** Bhí, bhí mo mháthair liom, bhí, bhí. Chuaigh sise amach liom. Chuaigh muid amach ar an 'Lough Swilly' bus, má deir siad agus so caide mar a mbeirfeadh tú air, fuair mé fostach thuas ansin ar taobh amuigh de, taobh amuigh de Gort...,

baile beag a dtugann siad Gortycastle air, agus bhí mé féin agus lad eile, as, as soir an Dún Mhór ansin, bhí seisean, fuair seisean ar fostach an lá céanna fá choinne sé mhí, agus bhí seisean ar, bhí, bhí abhainn ann cosúil leis an Gleann anseo atá againne, mise anseo ar an Bhealtaine ag amharc anonn ar an Cheathrún go díreach, sin an dóigh a raibh sé. Nuair a bhí muid thusas i dTír Eoghain, bhí, bhí, bhí gleann ann agus bhí seisean ar taobh amháin agus mise ar an taobh eile, although cha fheiceadh muid a chéile. So, chaith mé sé mhí ansin.

**DÓNALL:** An raibh siad go maith duit, a Frank?

**FRANK:** Bhí siad alright, bhí, caide bhéarfaidh tú air, bhí, go díreach, tá a fhios agat, chaithfeá éirí ar an sé a chlog ar maidin, agus a gcur amach agus, agus do chuid, do chuid, bónna a bhliugh, that was it. Bhí, bhí dosaen, dosaen ann agus bhí, bhí triúr, bhí sé féin, máistir é féin agus bhí girseach ag obair ansin, Mc Kenna bhí uirthi, Mary Mc Kenna agus mé féin agus thiocfadh bean an tí í féin amach agus bheadh, corr lá ansin, agus bheadh, bheadh triúr nó cheathrar an duine agat le bligh agus bhí siad le feedal agus le glanadh amach agus an bainne, chaithfeá an bainne a chur amach i gcois an bhealaigh mhóir fá choinne an lorraí a theacht agus bhí achan rud déanta, naoi a' chlog, idir naoi agus leath i ndiaidh an naoi agus sin, gheobhfá greim le hithe ansin.

**DÓNALL:** Bhí leath lae oibre déanta..

**FRANK:** Leath lae oibre déanta san am sin agat, bhí...

**DÓNALL:** Sular bhfaighfeá greim...

**FRANK:** Bhí, bhí, gheobhfá cupa tae nuair a d'éireofá ar maidin agus corr uair gheobhfá slice toast, b'fhéidir nach bhfaighfeá toast ar bith, dependlódh sé ar an spin a bheadh ar an landlady, uirthi, uirthi féin, ar a, bhean an tí í féin, dá mbeadh tiúin mhaith uirthi, gheobhfá slice aráin, toast nó rud ínteacht. Muna mbeadh, bhuel, chaithfeá gnótha a dhéanamh gan é.

**DÓNALL:** Raibh siad cineál ocrach mar sin go leor, b'fhéidir

**FRANK:** Bhuel, cha raibh siad anois, cha chuirfeadh suas mórán weight ann cibé.

**DÓNALL:** Creidim.

**FRANK:** Oho, not at all, ná rud a chuirfeadh anuas, rud a chuirfeadh suas, cha bheifeá i bhfad a bhaint anuas nuair a rachfá amach ag obair.

**DÓNALL:** Bhéarfadh siad níos mó den .....

**FRANK:** Bhéarfadh, bhéarfadh, sin an dóigh a raibh se san am sin acu, you know. So...

**DÓNALL:** Agus ansin, a Frank, caide an conradh a rinne do mháthair leofa. Caide, caide cineáil tuarastail?

**FRANK:** Bhí, caide a mbéarfaidh tú air, sixty.., bhí trí scór, cúig phunt agus trí scór a bhi ann fá choinne na sé mhí. Dhá phunt agus “\_\_\_\_\_” sa tseachtain, sin an rud a bhí ann, fá choinne, sin fá choinne seacht lá na seachtaíne, like, bhí, bhí rud ceána le déanamh agat ansin Dé Sathairn agus an rud ceána le déanamh Dé Domhnaigh, ‘s bhí agat l e déanamh Dé Luain. B’ionán achan lá, lá saoire, Lá na Blaín Úra, Lá Nollag, cha déan sé difir...

**DÓNALL:** ...Bhí an obair chéanna le déanamh...

**FRANK:** ...bhí an obair chéanna le déanamh, bhí. Chaithfinn na ceann????? a bhligh agus iad a chur amach, agus iad a fheodal agus bóitheach a chártú agus an bainne a chur amach agus bhí na rudaí céanna le déanamh seacht lá na seachtaíne. Agus cha raibh maith duit a bheith ag complainal ná bhí tú ró fhada ar shiúl as baile ‘s.....

**DÓNALL:** ...Tá sin fíor..

**FRANK:** ....agus chaithfeá an t-airgead, bhéarfadh siad amach thú, bheifeá. Ba ghnách liomsa 10 cigarettes a fháil, Sweet Afton, agus bhéarfadh siad an luach sin duit go díreach agus b'fhéidir scilling ná beirt ina mhullach but chuirtí sin síos sa leabhar ansin 's bhí sin uilig i do éadan an lá a bhí tú ag fágáil.

**DÓNALL:** (gáire)

**FRANK:** Aye! (gáire)

**DÓNALL:** Bhíodh agat le freagra a thabhairt air do dó mháthair ansin..

**FRANK:** Bhuel...

**DÓNALL:** Caide a tharla dona scillingí..

**FRANK:** Char, char, cha raibh sise ag tabhairt mórán heed do rudaí a fhad agus nach raibh mé ar shiúil thall in Albain ná in Sasana ná in áit inteacht. Mire ag iarraidh fáil ar shiúl.

**DÓNALL:** 'Sea, 's an raibh tú buartha in amanna a Frank, leis an obair a bhíodh romhat. Raibh tú buartha in amanna nár fhan tú ar an scol?

**FRANK:** Cha, cha raibh. Bhí an oiread sin fuath agamsa ar an scol go ndéanfainn rud ar bith ach a ghabháil 'na scoile.....

**DÓNALL:** .....B'fhearr leat an áit a raibh tú..

**FRANK:** .....Cha, b'fhearr liom a ghabháil 'na scoile ná, ná... b'fhearr liom rud ar bith a dhéanamh ná a ghabháil 'na scoile na nuair a d'éireofá anseo ar maidin san am a bhí ann ag gabháil 'na scoile, bhí eagla ort ag gabháil 'na scoile. Tá a fhios

agat. Bhí tú ag iarraidh bheith ag foghlaim agus cha, cha, muna raibh tú cliste go leor le foghlaim, go díreach, go díreach, that was it. Cha raibh maith bheith ag iarraidh e a drummal isteach ionat, cosúil le, anois inniu, cé acu bhfoghlaimeoidh tú nó nach bhfoghlaimeoidh, 's cuma leo sa scoil anois because cuirfidh siad soir go Falcarragh thú na áit ínteacht eile ar a, ar a, ar a scol mhór agus caide mar a bheireann tú air, but san am sin bhí, bhí cigire teacht thart ag na máistrí scoile agus, agus, tá a fhios agat, chaithfeadh siadsan an oiread seo boic cliste a bheith acu ach cha raibh mise duine acu cibé.

**DÓNALL:** An raibh an chuid is mó de na scoláirí tugtha dá imeacht ag an shé bliana déag sin, a Frank?

**FRANK:** Bhuel, cha raibh. Bhí moll acu agus d'fhan siad, char, char, char, char a bheith gur mise thart anseo anois an duine deireannach a chuaigh, chuaigh an Lagán. Mé féin agus, agus, agus boidhean, mar a dúirt mé thoir ar an Dún Mhór, Doogan é.....

**DÓNALL:** .....'Sea.

**FRANK:** Agus mé féin agus Charlie Doogan a bhí air agus tá sé pósta thíos i gCarraigart anois, bhí mé ag caint leis ansin tá cúpla mí ó shin amuigh i Leitir Ceanainn. Agus bhí, caide mar a bheireann tú air, muidinne na daoine deireannach, is iomaí uair a mhothóidh tú iomrá ar an Lagán, even go fóill, nuair a deirimse le duine ínteacht go raibh mé ar an Lagán, déarfaidh siad, ó, cha raibh, cha raibh tusa ar an Lagán.

**DÓNALL:** Shíl siad gur ag magadh atá tú.

**FRANK:** Aye, tá siad ag déanamh gur ag magadh atá, but bhí! But bhí! Dochar ar bith cha déan sé, dochar ar bith cha déan sé do dhuine ghabháil an Lagán. Bhí, bhí tréan obair chrua romhat and that was it 's char mharaigh obair chrua nduine ariamh. Char mharaigh.

**DÓNALL:** So, rinne tú an se mhí ansin, Frank, agus caide a bhí fá do choinne ansin? An ndeachaigh tú ar ais an Lagáin nó .....

**FRANK:** Cha deachaigh, tháinig mé 'na bhaile ansin agus d'fhan mé anseo ansin, go raibh mé cúig bliana déag go leith. Agus .....

**DÓNALL:** .....Obair fá na farms rud...

**FRANK:** Bhuel ag obair, ag obair thart sa, dhéanfá cúpla lá mór fan am seo bhliain, bheifeá ar shiúl ag baint mhóna 's....

**DÓNALL:** Baint mhónadh..’sé

**FRANK:** Bheifeá ag déanamh, c'ainm a bhéarfaidh tú air, corr phunt san am sin, chan punta a bhí ag gabháil san am sin ach leathchorónacha agus leathphinginí, caide mar a bheireann tú air, cha bhriseadh nduine do chroí do dhíol ar bith san am, tá mise ag insint duit..

**DÓNALL:** No... Bhí tú ag rá an lá deireannach go bhfuil cuimhne agat ar na fir uilig a bhí ag imeacht, suas an treo seo..

**FRANK:** Ó bhí cinnte, bhí, bhí, bhí thíos ansin ag Píopaí na Bealtaine, an áit a bhfuil an Grotto ansin, bhí, bhí athair Hughie Shiels, athair dá Hughie atá thíos sa phub, thíos dTigh Bhillí...

**DÓNALL:** ...’Sea..

**FRANK:** Agus Barney Néill Óig ansin, Barney, agus bhí athair Bharney, agus, agus, agus bhí, bhí muintir na Bealtaine uilig anseo, bhí bachtaí amuigh thuas ag, amuigh thuas an bealach an ghorria acu, amach siar ansin, taobh thiar de Loch an

Ghainimh. Agus shiúladh siad suas ansin, agus, agus, lomadh siad a gcuid bachtaí agus, agus, agus lastaí tinteacha agus bhí, shílfeá gur Indians a bhí thuas...

**DÓNALL:** ...'Sea...

**FRANK:** ...Bhí tinteacha achan áit san am sin agus caide bhéarfaidh tú air ansin...

**DÓNALL:** ....Dhéanfadh siad lá oibre ansin...

**FRANK:** ...Dhéanfadh siad lá oibre suas agus dhéanfadh siad lá oibre nuair a thiocfadh siad anuas. Bhíodh siad amuigh b'fhéidir ag thus ag lomadh agus thiocfadh siad 'na bhaile ansin agus bheadh siad ag, bheadh siad ag cur choirce nó rud ínteacht agus, agus ná cur cháil agus bhí, bhí i dtólamh, bhí siad i dtólamh ag obair, obair, obair. Cha mhothófá aon duine san am sin ag fáil heart attacks na dhath ar bith eile nó bhí siad ag déanamh oiread siúil cibé...

**DÓNALL:** ....Agus bhí an talamh uilig oibrithe...

**FRANK:** ...Bhí an talamh le hoibriú isteach go dtí na claíocha.

**DÓNALL:** Achan phreab.

**FRANK:** Achan phreab, bheadh.

**DÓNALL:** Bhí siad folláin, caithfidh sé..

**FRANK:** Nuair a bhí, nuair a bhí, nuair a bhí, cros Fheil Bríde le déanamh anseo, chaithfeá imeacht suas na chaoráin le, le, le le caide bhéarfaidh tú air feedhacha a fháil.

**DÓNALL:** Feedhacha a fháil.

**FRANK:** Aye, ó ghlaicfadh cinnte.

**DÓNALL:** Ní bheadh aon cheann le fáil sna cuibhrinn.

**FRANK:** Bhuel, tá go leor acu anois fá na cuibhrinn.

**DÓNALL:** Mmm.

**FRANK:** Tá, tá.

**DÓNALL:** So, Frank, ansin d'fhan tú thart trifle, cuid mhaith de bhliain ansin anseo ná..

**FRANK:** Nó, d'imigh mé anonn ansin go Glascú nuair bhí mé thart fá sé bliana déag, cha raibh mé sé bliana déag agus char fhan mé i bhfad i nGlascú. Cha raibh mé a dhath i nGlascú ach cúpla mí.

**DÓNALL:** Ní raibh dúil agat ann, a Frank?

**FRANK:** Cha raibh dúil agam ann agus, agus d'imigh mé féin agus lad eile ansin, tá sé thuas i mBaile Átha Cliath anois, Danny Sweeney, d'imigh an péire againn agus landal muid in Wales agus chaith muid tamall in Wales in Kilmarden in South Wales, ag obair ag Wimpey ar phipeline, fuair muid ar obair ansin san am sin.

**DÓNALL:** Jesus Frank, bhí tú i do bhuachaill óg le bheith ar shiúl...

**FRANK:** ...Bhí, bhuel, bhí, chuaigh muid isteach 's fuair muid set cárdaí 's bhí muid uilig go léir ocht mbliana déag san am sin, tá a fhios agat, 's cha, cha raibh, cha raibh aon duine ag cur ceist ort fá choinne bhuel, bhfuil an birth certificate leat nó bhfuil siúd leat ná nach bhfuil a dhath agat le déanamh ach go díreach ach...

**DÓNALL:** D'inseofá an bhréag daofa ..

**FRANK:** ...D'inseofá an bhréag daofa and that's it. So, fuair achan duine set cárdaí san am sin

**DÓNALL:** Ach fhad 's go ndéanfá an obair, a Frank..

**FRANK:** Fhad 's bhí tusa ag déanamh an obair, cha raibh aon duine ag cur amach ná isteach ort.

**DÓNALL:** Ní raibh.

**FRANK:** Ó, not at all.

**DÓNALL:** Chaithfeá an obair sin a dhéanamh.

**FRANK:** Chaithfeadh an obair a bheith déanta go díreach 's that was it. Aye.

**DÓNALL:** So, an raibh siadsan go breá le hoibriú daofa a Frank?

**FRANK:** Bhí, ó bhí, bhí moll de, bhí trifle de mhuintir de háite anseo thart anseo. Bhí aithne mhaith ar Joe Éamoinn Sheáin thall ar an Cheathrún, Joe Doogan agus bhí Davy MacAnally thíos ar an Ardaí, go ndéanfaí Rí mhaith orthu, fir ar dóigh a bhí iontu. Bhí, bhí, bhí iadsan a fuair an start dúnne.

**DÓNALL:** 'Sea, agus chuir siad an chomhairle oraibh?

**FRANK:** Chuir siad an comhairle orainn fosta agus bhí rudaí ag gabháil i gceart. So ansin, nuair a bhí, bhí an obair chóir críochnaithe ansin ansin, d'imigh muid go Londain. Aye.

**DÓNALL:** An bé sin focal gaoth, raibh sibh ag éisteacht le caint go raibh obair mhaith i Londain?

**FRANK:** Bhuel, bhí muid i dtólamh, bhí a fhios againn ansin bhí muid, bhí, bhí, address in, bhí address againn uilig san am sin, address Mhaggie Costello. Maggie, ba as an bhaile seo í, an Bhealtaine í, agus, char, char, char fhág an bhean, creidim an chontae ariamh cosúil le, because bhí, bhí fáilte do achan duine, cé acu bhí airgead leat nó nach raibh agus gheobhfá...

**DÓNALL:** ...Gheobhfá lóistín..

**FRANK:** ...Gheobhfá lóistín ann agus cé acu bhí punt agat nó nach raibh thiocfadhl leat í a dhíol am ar bith agus bean ar dóigh a bhí inti. Níl móran thart anseo nár stop aici. Aye, bhí.

**DÓNALL:** 'Sea, 'sea, So, d'fhan sibh...

**FRANK:** ....Bean ar dóigh.

**DÓNALL:** ...chuaigh sibh sa treoir uirthise, a Frank.

**FRANK:** So, thug muid iarraidh uirthise ansin agus fuair muid, fuair muid thosaigh muid ansin agus chuaigh mise amach ansin le mac s'aicí, Micí, go ndéanfaidh Rí mhaith ar Mhicí, cuireadh é tá trifle blianta ó shin, bhí sé pósta síos fá Limerick ansin agus chuaigh mise amach ag crowd a dtabharann siad OC Summers orthu agus chuaigh muid amach ag obair ansin, mé féin agus Micí agus d'fhan mé amuigh ansin tamall.

**DÓNALL:** Caide an cineáil oibre a bhí sibh ag déanamh?

**FRANK:** Bhuel, ag gabháil dá uisce, píopaí uisce agus rudaí a bhí siad ag gabháil do. Tá a fhios agat, bhí muidne ar shiúl leis na boic a dtabharfaidh siad na Jointers orthu, bhí jointal píopaí agus dhéanadh siad moll obair gas san am fosta, ag cur isteach píopaí gas, you know. So sin a, sin a setaway a bhí againn.

**DÓNALL:** Agus an raibh an pá go measartha ansinanois a Frank.

**FRANK:** Ara, bhí an phá go díreach, tá a fhios agat, mar atá se inniu, tá..., déarfaidh achan duine go bhfuil pá, tá pá mhaith ann. Bhí, bhí, cha raibh an phá a dhath san am sin ach phunta deag sa tseachtain but pá mhaith a bhí ann.

**DÓNALL:** 'Sea, bhí tú..

**FRANK:** ....Tá a fhios agat, bhí, aye, agus bhí, gheobhfá, gheobhfá seomra ar cúig scilling déag

**DÓNALL:** “\_\_\_\_\_ +”

**FRANK:** agus an phunt, tá a fhios agat. Bhí, ó, bhí, bhí rudaí ansin. Rachfá amach ansin an weekend agus cha raibh an pint a dhath ach scilling agus naoi bpingin agus b'fhéidir dhá scilling 's gheobhfá isteach ag an damhsa ar ar.. ceathair ná chúig scillinge san am sin 's bhí rudaí saor but cha raibh an t-airgead ann tá a fhios agat. Bhí, bhí an phunt déag ar shiúl ansin nuair a bhí..

**DÓNALL:** Ó tá a fhios agam....

**FRANK:** ....Nuair a thiocfadh an tseachtain ina dhiaidh sin, bhí se caite go díreach arís, cha shábhálfá mórán amach as. Thiocfadh leat teach a cheannach san am, tá cuimhne agamsa, thiocfadh leat teach a cheannach, teach trí stór a cheannach thíos i Londain san am sin ar, ar se chéad punta but "naoi?" bhí sé cheád punta cosúil le, tá a fhios agat, an t-airgead mór inniu ar theach. So, sin dóigh a raibh sé.

**DÓNALL:** So, chaithfeá a bheith iontach críona 's chaithfeá bheith sábháil ....

**FRANK:** Chaithfeá bheith sábháil agus bheifeá sábháil leat...

**DÓNALL:** ...Bhí an óige agatsa 's ní chaithfeá am maith a bheith agat.

**FRANK:** Cha raibh, cha raibh muid ag smaoineamh ar, chuirí cúpla punta anall ag na sean mhuintir san am sin, b'fhéidir, tá a fhios agat, achan, achan choicís, ná achan trí seachtaine, chuirfeá anall cúig phunta acu agus bhí siad, bhí siad sin, Christ, bhí siad sin, bhí siad ag déanamh gur millionaires a bhí iontu.

**DÓNALL:** A, bhi siad go sásta.

**FRANK:** Bhí cinnte, bhí, bhí.

**DÓNALL:** But a Frank, ghlac tusa dúil mhór in sa tsaol, cosúil le i Londain agus in rudaí mar a bhí déarfainn.

**FRANK:** Óra, ghlac cinnte, because,...

**DÓNALL:** ...Bhí treán crac...

**FRANK:** ...Bhí tréan crac agamsa, is iomaí uair, thart fá Londain, chaith mise blianta fá Londain ansin 's bhí, bhí, tá a fhios agat, ba ghnách liom a bheith ag gabháil dá music agus rudaí agus ar shiúl chuig cluichí football, 's thusa ag Arsenal agus ...

**DÓNALL:** ... Lean tú iad sin?..

**FRANK:** ...Lean mé iad sin blianta agus leanaim go fóill iad agus ..

**DÓNALL:** Cén mhuintir is fearr a chonaic tú ag imirt do Arsenal, a Frank?

**FRANK:** Bhuel, creidim, creidim, cha, cha raibh aon duine ag Arsenal cosúil le fear atá acuanois, Henri, but bhí mise ansin nuair a d'imír George Graham daofa agus, agus, Liam Brady agus Frank Stapleton agus cheannaigh siad Brian Kidd uaidh

Man United bliain amháin agus chonacthas domh gur imreoir ar dóigh a bhí ann fosta but ó, bhí scoth na himríthe acu...

**DÓNALL:** ...Bhí...

**FRANK:** ...Tá a fhios agat, bhí cinnte, agus bhí moll duds acu fosta. Bhí moll boic a cheannaigh siad agus tá cuimhne agam fear a cheannaigh siad uaidh Queens Park Rangers bliain amháin, a dtabharann siad Mansini, Terry Mansini...

**DÓNALL:** ...Tá cuimhne agam air, “\_\_\_\_\_ +”

**FRANK:** ....Caide bhéarfaidh tú air, bhí seisean ag imirt daofa nuair a bhí sé ina centre half agus achan iarraidh a bhfaigheadh sé an ball, bhí do chroí amuigh ar do bhéal.....

**DÓNALL:** (gáire)

**FRANK:** ... (gáire) cha bheadh a fhios agat cé acu isteach ar an ghoals í féin a chuirfeadh se é ná amach an cuibhreann...

**DÓNALL:** “\_\_\_\_\_ +”

**FRANK:** Cha raibh, but still and all, sin é....

**DÓNALL:** ...Ach bhí caitheamh aimsire breá agat, a Frank?

**FRANK:** Ó, bhí cinnte

**DÓNALL:** Agus is iomaí uair a bhí tú ag buaileadh ...

**FRANK:** ...Bhí muid ag buaileadh ansin, ba ghnách linn a bheith ag buaileadh ansin, tá a fhios agat, fríd an tseachtain agus, agus bhí Christa, bhí am ....

**DÓNALL:** .....San tithe tabhairne?

**FRANK:** .....Aye, na tithe tabhairne agus na clubs na hÉireannaigh ansin, tá a fhios agat, bheifeá, Seamróg agus na háiteanna sin, bhí.

**DÓNALL:** An dtéann tú ar ais “\_\_\_\_\_” ansin a Frank nó a dtáinig...

Frank: Bím, ó tháinig mise anall ansin in 1979 agus bhí mé sa bhaile anseo ansin go dtí, cuireadh, cuireadh mo athair ‘s mo mháthair ansin. Cuireadh iadsan, cuireadh ise na cuireadh eisean in 86 ‘s cuireadh ise in 87 ‘s d’imigh mé anonn arís ansin in 1988, chuaigh mé anonn arís agus bhí mé thall go raibh sé 91 agus tháinig mé anall agus cha deachaigh mé, bhí mé thall, bhí mé thall trifle iarrachta ó shin...

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** But cha raibh mé thall ag obair nó a dhath, cha raibh.

**DÓNALL:** So, chaith tú, chaith tú na blianta fá Londain a Frank.

**FRANK:** Chaith, ó bhí mé ar shiúl liom like, bhí Londain an base but bheinn ar shiúl liom fríd an thír you know.

**DÓNALL:** Cé na páirteanna eile a deachaigh tú ann a Frank?

**FRANK:** Ó bhí mé in Manchester agus Birmingham ‘s bhí mé sna háiteanna sin uilig. Sin an dóigh a raibh sé.

**DÓNALL:** So, chuaigh tú as Londain suas go Manchester, an bé?

**FRANK:** Ah bhuel, bhí mé, bhí, bhí (sos) nuair a d'fhág mise OC Summers, tá a fhios agat, bhí muid ag caint ar an t-am a bhí mé amuigh ag an, t-am a bhí muid ag obair ar an ghas.

**DÓNALL:** Bhí.

**FRANK:** D'fhág mise sin, ansin agus chuaigh mé amach le fear thíos ar an Ardaí anseo a dtabharann siad Jimí Greene air, bhí sé ina foreman amuigh ag Miller, James Miller and Partners, amuigh in Leytonstone, amuigh go díreach ag taobh Leyton Orient Football Ground.

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** Agus chuaigh mé amach ansin le Jimí agus dúirt Jimí liomsa, lá amháin a dúirt sé, rachaidh tú banksman leis an fhear sin thusa ansin, a dúirt sé, Willie Greene. Bhí Willie Greene ag tiomáint crane ann agus cha raibh a fhios agamsa caide an rud banksman, ní hé amháin a bheith ag caint ar, dúirt mise caide an sórt boc an banksman agus dúirt sé bhuel, go suas agus cibé a iarrfaidh sé sin ort a dhéanamh, dúirt sé, déan é agus a dúirt sé, foghlaimeoidh tú uaidh sin. So, bhí mé ansin le Willie b'fhéidir cúig nó sé mhíonna, bankal an chrane agus ag déanamh siúd agus seo. So, lá amháin a dúirt sé liomsa, ar mhaith leat an yok seo a thiomáint. Bhí mise ag amharc liom air achan lá.....

**DÓNALL:** .....Ag tiomáint crane?...

**FRANK:** .....Bhí sé ag tiomáint crane, aye...

**DÓNALL:** ..'Sea, 'sea.

**FRANK:** .....So dúirt mise gur mhaith cinnte.

**DÓNALL:** But bhí tusa ag coimheád seo agus bhí tú eolach.....

**FRANK:** .....Bhí mise ag coimheád agus ag foghlaim liom agus nuair atá tú óg, cha bhíonn tú i bhfad ag piocadh rudaí suas.

**DÓNALL:** Piocann tú suas gasta.

**FRANK:** So cibé, thosaigh mé ansin agus fuair mé ar aghaidh iontach maith. So, nuair a bhi mé foghlamtha ansin i ndiaidh, bhuel nuair a, d'fhan mé, d'fhan mé tamall maith ar an jeab ansin but nuair a bhíonn, bhí mé ábalta tiomáint ansin, tá a fhios agat, so...

**DÓNALL:** Hmm, hmm.

**FRANK:** .....D'imigh mé ansin agus thosaigh mé le crowd, plant hire firm a bhí iontu, tá a fhios agat, chuirfeadh machines achan áit acu. So, thosaigh mé leofa sin agus fuair mé ar aghaidh go maith, sin an dóigh a raibh sé, bhí dúil agam san jeab cibé.

**DÓNALL:** Inis seo domh, a Frank, rachaidh muid ar ais bomaite beag ag tiomáint an chrane....

**FRANK:** ...Mmm

**DÓNALL:** Níl méanois, tá mé iontach aineolach ar chranes agus rud mar sin but glacaim leis i gcónaí go mbeadh fear thíos, go mbeifeá thusa go mór ag cóimhéad an duine a bhí ar an talamh, boc ag tabhairt ordaithe ná.

**FRANK:** Bhuel, bhí, bhí, tá tusa, tá tusa, sa crawler crane a bhí mise bankal air. Tá tusa ag caint ar crane, tower crane, ceann atá thuas....

**DÓNALL:** ...Sin an ceann, 'sea.....

**FRANK:** No, crawler crane, an ceann atá ar an talamh.

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** Sé, sin an ceann a raibh mise air, aye.

**DÓNALL:** Tuigim anois.

**FRANK:** Yeah, yeah.

**DÓNALL:** Bhí mise ag smaoineamh ar an cheann níos airde...

**FRANK:** .....No, sin an ceann a d'fhoghlaím mise air, an crawler crane, tá a fhios agat, sin an chéad ceann.

**DÓNALL:** So, ansin, d'fhan tú ansin ag obair ar mheaisín, an chuid is mó de, an chuid eile de do shaol thall....

**FRANK:** .....Sin a dear mé ansin ina dhiaidh sin, aye.

**DÓNALL:** So, Frank, inis seo domh, an raibh níos mó airgid ann ansin má, má fear, bheifeá iontach, a bhí iontach oillte ansin agus gheobhfá díolta go maith.

**FRANK:** Ó bhí, bhí, bhí, bhí, caide mar a bhéarfaidh tú air, bhí i dtólamh níos mó airgid agat ná nuair a bhí tú, tá a fhios agat, ag gabháil do rud ínteacht eile, bhí, bhí.

**DÓNALL:** 'Sea, 'sea.

**FRANK:** Bhí cinnte agus ansin bhí obair i dtólamh ann, you know, bhí, bhí.

**DÓNALL:** Tá, tá.

**FRANK:** D'imir mé ansin agus thosaigh mé ansin le, i ndiaidh trifle maith blianta ansin, shiúl, bheinn ar shiúl liom ag siúd agus anseo. So, ansin, thosaigh mé ansin le Murphy, 1967 ansin agus chaith mé ocht mbliana déag leofa sin. Sin, tá a fhios agat leis an chrowd amháin.....

**DÓNALL:** .....Tá a fhios agam.....

**FRANK:** .....Bhi muid ar shiúl linn ar phipelines agus rudaí mar sin. Obair ar dóigh you know, bhí.

**DÓNALL:** Agus ar fhan tú thart fán cheantar amháin ná.....

**FRANK:** .....D'fhán mé, bhí muid ar shiúl, tá a fhios agat thart fá, taobh amuigh de Londain i dtólamh, b'fhéidir go mbeadh sé uair nó uair go leith. Bhí moll de na jeabanna, b'fhéidir go bhfanfá air tá a fhios agat, caravans agus rudaí ann, you know, dá mbeadh sé ró fhada ar shiúl le, le bheith travellal ansin ar maidin, you know.

**DÓNALL:** Agus raibh tú ar fad ag teacht na bhaile, a Frank, ar choinnigh tú, bhfuil a fhios agat....

**FRANK:** Ó, thiocfainn anall na bhaile, thiocfainn anall anseo ar laetha saoire tá a fhios agat ansin, b'fhéidir ansin ag an Nollaig, thiocfá anall anseo fá choinne b'fhéidir coicís san am sin. Bhí sé an dóigh chéanna ansin sa tsamhradh, thiocfadhbh anall ná tá a fhios agat bhí, ar tús thall ansin bhí, chaithfeá, chaithfeá do choicís holidays a ghlacadh, tá fhios agat agus bhí sé an dóigh chéanna ag an Nollaig.

**DÓNALL:** Chaithfeá é a ghlacadh.

**FRANK:** Chaithfeá é a ghlacadh san am sin.....

**DÓNALL:** ....'Sea, 'sea.

**FRANK:** But d'imigh sin anois, thig leat anois.....

**DÓNALL:** ....Ó thig leat imeacht, 'sea, 'sea.

**FRANK:** .....tá a fhios agat imeacht ar do chuid laetha saoire am ar bith, am ar bith a fhoireann se duit féin.

**DÓNALL:** Inis seo domh, bhí tú teacht anall ansin blianta, an raibh tusa feiceáil athrach mór ar an bhaile anseo?

**FRANK:** Ó, chífeá athrach mór ar, chífeá athrach mór ar, bhuel, cha, san am sin cha raibh athrach millteanach ar bith air, tá a fhios agat, le, le deich mbliana is mó a tháinig athrach millteanach ar an áit but tháinig athrach mór ar an áit ó d'imigh mise go dtáinig mé ar ais, tá a fhios agat, nuair a chífeá, cha raibh mórán carranna 's cha raibh mórán de na rudaí sin ag gabháil nuair a d'imigh mise an chéad uair, you know.

**DÓNALL:** Ní raibh mórán “\_\_\_\_\_” ann.

**FRANK:** Cha raibh, cha raibh but caide a bhéarfaidh tú air ansin, i ndiaidh, i ndiaidh a bheith ar shiúl deich mbliana ná cúig bliana déag nuair a tháinig tú na bhaile, chífeá athrach mór, tá a fhios agat, bhí carr ag achan teach.....

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** ..... 's bhí, bhí achan duine 's bhí, bhí bhí, bhí moll mór daoine san am sin fosta bhí ag imeacht, tá a fhios agat, bhí ag imeacht anonn go Meiriceá agus, agus, agus bhí moll, tá a fhios agat, d'imigh go Australia agus, sna blianta sin fosta, you know, but....

**DÓNALL:** .....But an ndearna a Frank, daoine as thart anseo, daoine a bhí ar an scoil leat agus achan rud.

**FRANK:** Bhuel bhí, bhí, bhí, daoine a bhí ar an scoil liom, chorr a bheith gur imigh an chuid is mó acu, amach ó na daoine, na mhuintir chliste a fuair, fuair na coláiste agus a fuair, fuair, fuair jeabanna maith amach as, aye.

**DÓNALL:** 'Sea. Bhuel, ní dhéarfainn gur rud, cás a bheith i dhath níos cliste ná tú féin, a Frank ach déarfainn b'fhéidir an té a bhfuil airgead acu le daoine a chur chun tosaigh, gur sin an rud is mó.....

**FRANK:** .....Bhuel creidim, creidim gur sin an dóigh a raibh sé but, but an dóigh a raibh sé nach char fhan mise ar an scoil so ba dhoiligh mé a chur bealach ar bith, tá a fhios agat, char fhan mé ar an scoil. Dá bhfanfainn ar an scoil b'fhéidir, you know, cha bheadh a fhios agat caide a happenalódh but, but cha raibh dúil ar bith agamsa ar an scoil, cha raibh. Chorr a bheith nuair a smaoineoinn ar an scoil, chorr a bheith go rachainn ar crith. (gáire)

**DÓNALL:** (Gáire) Agus cé mhéad bliain a chaith tú as, ar shiúl as seo ó d'fhág tú i do bhuachaill óg, a Frank?

**FRANK:** Bhuel bhí mé ar shiúl as seo, caide bhéarfaidh tú air, ó bhí abair, go raibh, bhí mé, nuair a, nuair a, ón chéad lá a d'imigh mé, d'imigh mé ag ceithre bliana go leith agus, agus, caide bhéarfaidh tú air, bhí, bhí, bhí, bhí caide bhéarfaidh tú air, nuair a, bhí, corradh 's deich mbliana 's fiche déanta agam ar shiúl nuair a bhí deireadh thart, you know. Bhí cinnte.

**DÓNALL:** Ar casadh a léir Éireannaigh ort le bheith ag caint do theanga Gaeilge leo, a Frank?

**FRANK:** Ara. Char casadh mórán, chasfaidh moll de, de, de mhuintir Chonamara ort agus mhuintir Chiarraí agus bhí Gaeilge acu butní.....

**DÓNALL:** .....Níor thig tusa .....

**FRANK:** .....Not at all agus cha.....

**DÓNALL:** .....Níor thig siadsan tusa.....

**FRANK:** .....Níor thig siadsan mise agus char thig mise iadsan ach oiread, you know.

**DÓNALL:** Ba mhaith a choinnigh tú an teanga, a Frank.

**FRANK:** Níl se go holcanois inniu. Bhuel, bhí, bhí scaifte againne i dtólamh thart, thart i gcuideachta, tá a fhios agat, as thart anseo agus ach.....

**DÓNALL:** .....'Sea.....

**FRANK:** .....Cha labhraíodh ach, cha labhraíodh muid a dhath lena chéile ach Gaeilge.....

**DÓNALL:** .....So, choinnigh sibh.....

**FRANK:** .....Amach a mbeadh, mbeadh girlfriends le cuid acu agus cha dtiocfaidh leat a bheith ag caint i nGaeilge, tá a fhios agat, chaithfeá labhairt i mBéalra but am ar bith a bhí muid i gcuideachta, labhraíodh muid Gaeilge. Sin an dóigh a raibh sé, aye. Bhí an Ghaeilge iontach handailte nach dá bhfaighfeá isteach i dtrioblóid nach a dhath ar bith le gardaí.....

**DÓNALL:** .....Ní raibh a fhios ag aon duine acu.....

**FRANK:** .....agus cúpla fear acu, 's cha raibh a fhios ag aon duine caide a bhíodh tú ag rá. (gáire)

**DÓNALL:** Inis seo do, a Frank, chaith tú do shaol go sona sásta, tá mé ag déanamh, sin é mo bharúil duit ar scor ar bith agus.....

**FRANK:** .....Bhuel, chaith mé mo shaol bhí, bhí, bhí caide a bhéarfaidh tú air .....

**DÓNALL:** .....Rinne tú obair a raibh dúil agat ann.....

**FRANK:** .....Rinne agus rinne agus moll de na rudaí a rinne mé bhí dúil agam ann sna rudaí a rinne mé.

**DÓNALL:** 'Sea.

Frank: Agus bhí mé, bhí mé caide bhéarfaidh tú air, 's iomaí uair a bhí mé ag smaoineamh, tá a fhios agat, go, go, go, you know, go happailte 's bhí tú sna blianta sin.....

**DÓNALL:** .....'Sea.

**FRANK:** .....Because cha raibh a dhath, cha raibh a dhath buaireadh ort because cha raibh a dhath le buaireadh a chur ort, bhi do lá oibre le déanamh agat agus bhí a fhios agat go gcaithfeá éirí ar maidin 's bhí tú ag iaraidh a ghabháil amach 's cha raibh aon duine le dhath a thabhairt duit, muna raibh sé agat féin, that was it, hard luck.

**DÓNALL:** Bhí tú i gcionn an tsaoil go maith.

**FRANK:** Chaithfeá go díreach a ghabháil agus é a dhéanamh, and that was it, you know.

**DÓNALL:** But sin bhí rud eile, a Frank, bhí an obair ann.....

**FRANK:** .....Óra bhí

**DÓNALL:** .....bhfuil a fhios agat, tá a fhios agat nuair a b'éigean duit imeacht as an tís but thall ansin bhí an obair ann.

**FRANK:** Ó bhí an obair ann, bhí.....

**DÓNALL:** .....Is dá n-oibreofeá crua, bhí tú.....

**FRANK:** .....Ó chan fhaca tú fear ar bith ag teacht anall as sin ag rá nach bhfuair siad obair.....

**DÓNALL:** .....No.....

**FRANK:** .....Eh? ach an fear a thiocfadh anall ag rá nach bhfuair se obair cha raibh se ag guardú mórán.

**DÓNALL:** Bhí sé falsa.

**FRANK:** Bhí, bhí. Tá eagla orm go raibh se a fhágáil ag fear ínteacht eile lena e a dhéanamh.(gáire)Eh?

**DÓNALL:** (Gáire) Frank, inis seo domhanois. Ar ais go dtí Gort a' Choirce, chionn tú athrach millteanach ó shin anois leis na trifle blianta deireannach agus léi léir tithe a dtogáil agus na cuibhrinn, an bhfuil cuimhne agatsa orthu, na cuibhrinn a bhí curtha agus na bairr uilig.....

**FRANK:** .....Tá.....

**DÓNALL:** .....tá sin anois ar shiúl, a Frank?

**FRANK:** Ó, 's gairid agus cha a chuibreann fágtha má choinníonn siad ag gabhál tá a fhios agat.....

**DÓNALL:** .....Tá siad istigh i ngarraí an cháil.....

**FRANK:** ..... Tá siad istigh i ngarraí an cháil agus tá siad istigh i, tithe buildáilte istigh san áit inár ghnách leis an charn aolaigh a bheith ann.

**DÓNALL:** Agus léir rudaí “\_\_\_\_\_” istigh.

**FRANK:** Tá, ó tá caide bhéarfaidh tú air, without a doubt, sin progress, mar deir siad leis an phrogress, bhuel sin é do you see, 's good luck to them, is maith a ní siadanois é, nuair a, caide bhéarfaidh tú air, ná is mór an gar go bhfuil an bhochtanacht thart cibé agus an t-am crua thart agus nach bhfuil fiach ar aon duine a ghabháil chun an Lagáin ná fiach ar aon duine a ghabháil anonn agus, agus, agus, caide a bhéarfaidh tú air agus boic as, áit ínteacht eile as an téig ag búirigh agus ag scairtigh ort ón mhaidin go dtí an oíche.

**DÓNALL:** 'Sea, is rud eile.....

**FRANK:** .....Níl fiach ar aon duine sin a dhéanamh.

**DÓNALL:** Rud eile forsta, 's gan béalra ar bith agat nuair a d'imir tú agus bhí beagan.....

**FRANK:** .....Bhí, bhí béalra againn alright but na mhuintir a bhí muid leo, ba dhoiligh iad sin a thuigbheáil forsta, tá a fhios agat, bhí sé millteanach doiligh an cockney a thuigbheáil i ndiaidh a ghabháil go Londain an chéad uair.

**DÓNALL:** Déarfainn sin.

**FRANK:** Bheadh sé ag cuardú siúd agus ag cuardú seo 's cha bheadh a fhios agat caide a bhí sé ag caint air.

**DÓNALL:** Cha bheadh barúil agat caide a bheadh ag rá.

**FRANK:** Cha bheadh, bhuel bheadh idea agat i ndiaidh.....

**DÓNALL:** .....But phiocfá suas é.

**FRANK:** Phiocfá suas é i ndiaidh tamall, you know.

**DÓNALL:** “\_\_\_\_\_”

**FRANK:** Ó....

**DÓNALL:** Go ar aghaidh, sorry.

**FRANK:** Bhí, sin rud amháin fá dtaobh de na daoine a d'fhág thart anseo, bhí oiread béalra acu cibé agus, agus,....

**DÓNALL:** ..... A thug fríd iad.

**FRANK:** .....A thug fríd iad ach chonaic mise boic ansin as Conamara agus chuaigh siad anonn agus cha raibh aon fhocal béalra acu.

**DÓNALL:** Ní bheadh.

**FRANK:** Ó, a dhath ar bith, a dhath ar bith, a dhath ar bith.

**DÓNALL:** Agus chastaí daoine ort forsta, casadh orm féin iad fá Londain, daoine nach mbeadh ábalta léamh nó scríobh.

**FRANK:** Ó, bhí go leor acu sin ann, bhí leoga agus is cuma caide 'n, is cuma caide 'n t-education atá ann, gheobhaidh tú daoine mar sin i dtólamh, ó gheobhaidh cinnte, gheobhaidh, gheobhaidh.

**DÓNALL:** Frank, lean tú ar aghaidh ag gabháil ag na cluichí agus inis domh thuilleadh fá dtaobh daofa. Creidim go bhfaca tú George Best agus a mhacasamhail sin?

**FRANK:** Ó, chonaic mé George Best cinnte, chonaic, chonaic.....

**DÓNALL:** .....Nuair a bhí tú in Manchester?

**FRANK:** .....Aye, chonaic mé George Best, chuaigh mé féin agus Barney Néill Óig, Barney Sweeney, agus fear mór de chuid United a bhí in Barney, but, níl a fhios agam, cé acu, bhí Arsenal ag imirt ar shiúl as baile áit ínteacht cibé but, cha deachaigh mise acu but chuaigh mé féin agus Barney síos go, síos go Fulham, síos mar a deir siad, go Craven Cottage.

**DÓNALL:** 'Sea, in Londain.

Frank: Aye, in 1961 a bhí ansin ná 62, sin, sin é, cha raibh sé a dhath ach seacht mbliana déag, bhí, bhí, bhí sé ag imirt dá Mhan United an lá sin, sin an chéad uair ariamh a chonaic mise agus Barney é, aye.

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** Agus bhí sé ina imrí ar dóigh, bhí George Cowen agus na boic sin ag imirt, bhí Bobby Robson, tá anois ag Éirinn, bhí Bobby Robson ag imirt right back do Fullham agus Cowen ag imirt left "\_\_\_\_\_" agus bhí scoth team acu, bhuail siad United an lá sin, 3-1, tá cuimhne agam air agus, cha bhuail Fullham, níl mé rá go bhuail siad mórán ariamh ó shin iad but bhí Best, ó chonaic mé Best ag imirt in Highbury agus chonaic mé ag imirt in Old Trafford é agus chonaic mé ag obair in

moll áiteacha é. Chonaic mé ag imirt thusas in Tottenham é 's óra bhí sé ina imrí ar dóigh.

**DÓNALL:** Bhí an-scil aige, nach raibh?

**Frank:** Bhí, cinnte, bhí, bhí sé iontach maith but bhí, bhí, is é a b'fhearr, tá a fhios agat, san am sin, cha raibh aon duine le bua George Best a fháil, bhí sé iontach, iontach, iontach maith.

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** But bhí moll millteanacha san am sin, is iomaí uair a deirim, tá a fhios agat, bhí, bhí boic thart san am sin a dtabharadh siad, bheadh, bhí cúpla winger ag achan, achan, tá a fhios agat, is Cuma cén cluiche a rachfá aige.....

**DÓNALL:** .....'Sea.....

**FRANK:** .....Ag Spurs, agus bhí.....

**DÓNALL:** .....'Sea.....

**FRANK:** .....Agus, agus, agus na teamanna mór seo uilig, Liverpool, agus bhí Highway acu agus bhí Lorrimer ag Leeds agus bhí John Richardsoon agus Derek Doogan ag imirt do Wolves agus bhí siad tá a fhios agat, bhí.....

**DÓNALL:** .....Bhí scoth na n-imreoirí .....

**FRANK:** .....Bhí fir ghasta uilig, bhí, ó bhí. But cha raibh an game leath chomh gasta agus atá se inniu, you know.

**DÓNALL:** Ní shílim go raibh, tá sé ag athrach sa dóigh.....

**FRANK:** .....Ó tá achan rud athraithe, tá cinnte, tá.

**DÓNALL:** But ó thairbhe scil do, déarfainn gur George, go raibh se doiligh bhualadh.

**FRANK:** Ó bhuel bhí, bhí George doiligh a bhualadh, bhí cinnte, bhí scil ar dóigh aige. Ní even níl aon duine sa phremiership inniu, caide, tá moll de na boic sin anois, gheobhaidh siad ball 's níl siad ábalta aon duine a bhualadh.

**DÓNALL:** No.

**FRANK:** Eh?

**DÓNALL:** Bhí seisean ábalta a ghabháil thart orthu.

**FRANK:** Ó, bhuaileadh sé beirt 's triúr acu.

**DÓNALL:** Agus ar ais arís.

**FRANK:** Bhuaileadh go rachadh sé ar ais arís. Ó, rachadh cinnte, bhí, bhí.....

**DÓNALL:** .....Bhí sin aige.....

**FRANK:** .....Cha raibh a dhath cosúil leis, ó not at all, cha raibh a dhath cosúil leis.

**DÓNALL:** So Frank, tháinig tú na bhaile ansin níos moille agus shocair tú, d'fhan tú ar an Bhealtaine.....

**FRANK:** .....Mmmm, d'fhan mé anseo ansin, tháinig mé na bhaile.....

**DÓNALL:** .....Cén bliain?

**FRANK:** ..... '69

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** '79.

**DÓNALL:** Agus thóg tú an teach úr seo?

**FRANK:** Bhuel thóg mé an teach úr, caide a bhéarfaidh tú air, '83, aye. Bhí, bhí caravan agam an chéad uair, bhí muid thusa sa charavan ansin, thusa an lane tamall ansin so.

**DÓNALL:** “\_\_\_\_\_” tú ar ag tógáil ansin.

**FRANK:** Bhuilldáil mé an teach ansin agus caide a bhéarfaidh tú air, that's it, só char fhág muid seo ó shin.

**DÓNALL:** Tá áit ghalánta agat, a Frank.

**FRANK:** Tá, áit bhreá anseo.

**DÓNALL:** Rinne tú féin an obair, a Frank, thóg tú....?

**FRANK:**.....Rinne mé an chuid is mó den obair alright, rinne mé moll den obair ann.

**DÓNALL:** 'Sea, bhuel bhí sin uilig foghlamtha agat agus a bheith ar shiúl.....

**FRANK:** .....Bhuel an dóigh a raibh sé, caide a bhéarfaidh tú air, bhí fear anseo ag builldáil go díreach, Manus, mate do mo chuid, Manus Ó Fearraigh, thíos ar an Ardaí ansin, is é a builldáil, is é a rinne na bloic domh agus bhí mé féin anseo ag cuidiú leis agus bhí, caide a bhéarfaidh tú, bhí Pádraig Breslin, thíos an bealach mór ansin,

Pádraig Phat mar a deir siad, carpenter ar dóigh, creidim cha raibh a leithéid thart anseo i choíche arís.

**DÓNALL:** Rinne seisean an t-adhmaidóireacht?

**FRANK:** Rinne seisean an t-adhmaid uilig go léir, achan rud anseo. Agus 'sé a chur an roof air agus rinne sé na dorsa a chrochadh agus rinne sé achan rud, rinne sé an skirting agus rinne sé achan rud ar an taobh istigh. Chuir mé féin agus, bhí tú ag caint le Manús Mór, fear na Dúnaibh.....

**DÓNALL:** .....Bhí mé a Frank.

**FRANK:** .....Chuir mé féin agus Manús ansin isteach na hurláir agus rudaí anseo.

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** Mhixáil muid an concrete amuigh ansin, wheeláil muid isteach é agus rinne muid, na rudaí sin uilig go léir. Dhéanfá féin moll mórmór den obair nach, tá a fhios agat san am, cha raibh mé a, cha raibh mé ag obair áit ar bith san am agus bhí tréan ama agat lena dhéanamh.

**DÓNALL:** Bhuel sin é.

**FRANK:** Bhí, bhí cinnte.

**DÓNALL:** Bheadh níos mó suim agat ansin ag tógáil do thithe féin.

**FRANK:** Ó bhí cinnte, bhí, bhí.

**DÓNALL:** Ach a bhuel Frank, d'athraigh rudaí fosta, like, bhí rudaí níos réasúnta san am sin, sin sular thosaigh na luachanna gan siosmaid ar “\_\_\_\_\_” anseo in Éirinn.

**FRANK:** Bhuel an dóigh a n-amharcaim air, cha déan sé difir cén toghrach a bhfuil tú ann. Dá mbeifeá tógáil teach, thiocfadh liomsa teach a thógáil anseo, 1970 ar dhá mhíle go leith punta (£12,500), right, sin an dóigh a raibh se. Agus airgead mór a bhí ann san am sin. Rachaidh tú chun tosaigh ansin deich mbliana eile agus tá an teach céanna, tá sé ag gabháil a bheith deich míle.

**DÓNALL:** 'Sea.

**FRANK:** Agus rachaidh tú chun tosaigh giota eile agus tá sé, but tá se an dóigh chéannaanois inniu, na mhuintir óga atá ag tógáil an teach inniu. Duine ar bith a bheas thart in cúig mbliain 's fiche ná deich mbliain 's fiche eile, beidh an teach saor. Déarfaidh siadsan thóg mise mo theach agus amharcanois e.

**DÓNALL:** 'Sea, 'sea.

**FRANK:** Agus sin an dóigh a dtéann sé, théann, théann, théann sé mar sin, you know.

**DÓNALL:** Téann sé mar sin.

**FRANK:** Aye, téann sé mar sin.

**DÓNALL:** But creidim go raibh se ina chuidiú, go raibh tú féin ábalta cuid mhaith den obair a dhéanamh?

**FRANK:** Ó, tá seo na rud ar bith atá tú féin ábalta a dhéanamh, níl fiach duit díol.....

**DÓNALL:** .....An bé seo do bhaile, a Frank? An bé seo, cá raibh an teach.....

**FRANK:** No, bhí, tá an tsean teach thusa an lane ansin, aye.

**DÓNALL:** So, tá sé ar an talamh chéanna?

**FRANK:** Tá, tá se ar an talamh chéanna, aye, tá, tá.

**DÓNALL:** Go sona sásta i do shuí anseo a Frank?

**FRANK:** Tá, tá.

**DÓNALL:** Agus a ndéanann tú píosaí oibre, ag baint mhóna?

**FRANK:** Giota oibre, ag gabháil do mhóin agus ag gabháil do rudaí mar sin, aye.

**DÓNALL:** Cuirfidh tú barr, creidim?

**FRANK:** Trifle, cuirim, ó níl an barr doiligh a chur, trifle drills phrátaí 's b'fhéidir giota cail 's cúpla drill turnip 's tá cúpla, bíonn ainmhithe ansin agam agus caide a bhéarann tú air, bainfimid féar 's ag déanamh round bales agus rudaí mar sin.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**FRANK:** But ó leoga, níl, níl an méid talaimh atá anseo, cha, cha, níl se doiligh a oibriú.

**DÓNALL:** An bhfuil cúpla cinn eallaigh agat?

**FRANK:** Tá i dtólamh, tá, tá.

**DÓNALL:** Agus an bhfuil caoraí agat?

**FRANK:** Bhuel níl, cha raibh caoraí am ar bith agam.

**DÓNALL:** NÓ.

**FRANK:** Cha raibh, cha raibh.

**DÓNALL:** But sin ar tógadh tú leis agus cha.....

**FRANK:** ....Tógadh le sin tú, le ainmhithe. Bhí ainmhithe i dtólamh anseo ag an tsean bhoc 's choinnigh mise sorta, nuair a tháinig mé na bhaile ansin cheannaigh mé cúpla ainmhí nuair a bhi mé ag gabháil a fhanacht sa bhaile. Agus, tá siad agam ó shin, you know.

**DÓNALL:** An bhfuil amanna sa tsaoil a Frank, sular gcríochnóidh mé nuair a bhí tú ar shiúl na blianta sin, ar chronaigh tú an baile? An bhfuil a fhios agat?

**FRANK:** Ó, cronaíonn achan duine an baile, cha déan se difir cé thú féin, cronóidh tú an baile but, an dóigh a raibh sé, bhí mise tá a fhios agat, an áit a raibh mé bhí, bhí, nuair a bhí tú óg cibé bhi scoth craic agus bhí, thiocfadh an weekend ansin 's bhí muid amuigh an weekend ansin 's Jesus, bhí scoth craic againn .....

**DÓNALL:** ....Bhí am breá.

**FRANK:** .... Bhí am ar dóigh againn, bhí cinnte, cha raibh, cha raibh mórán fail agat a bheith ag smaoineamh ar an bhaile.

**DÓNALL:** Níl buaireamh ar bith ort gur chaith tú.....

**FRANK:** Ó, a dhath ar bith, buaireamh ar bith níl orm gur, gur chaith mé na blianta ar shiúl, níl leoga. Creidim gur, gur, go mbeadh sé ní b'fhearr, caide a bhéarfaidh tú air, dá bhfanfá sa bhaile but tá, tá an advantage a bheith ar shiúl, tá moll rudaí nach bhfeicfeá 's tá moll rudaí.....

**DÓNALL:** .... 'Sea

**FRANK:** .....a rinne tú nach ndéanfá dá mbeifeá sa bhaile.

**DÓNALL:** 'S tá moll rudaí le foghlaim agat.

**FRANK:** Tá moll rudaí le foghlaim agat agus agus.....

**DÓNALL:** .....Ansin bhi a fhios agat i gcónaí bhí an baile ann.....

**FRANK:** .....Tá an baile i dtólamh ansin.....

**DÓNALL:** .....Nuair a rachfá na bhaile.....

**FRANK:** .....Bhí cinnte, bhí cinnte. Bhí cinnte.

**DÓNALL:** Bhuel a Frank, ligfidh mé duit do chuid socair a choimhéadanois.....

**FRANK:** .....Right, bhuel.

**DÓNALL:** Críochnóidh muid ag sin anocht ar scor ar bith é.

**FRANK:** Thats ok a bhal.

**DÓNALL:** Bulaí fir, go raibh maith agat, a Frank.

**FRANK:** Right.